AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 602 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 602 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ón gComhairle([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

1 IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[3], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[4], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad rochtain ar chaipiteal príobháideach, taighde agus nuálaíocht, oideachas agus scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht seo leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas [5]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[6], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin sé inti go bhfuil an Bhulgáir ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) Uimh. 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Cuimsítear ann freisin an Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur

---

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj.

4 COM(2023) 168 final.

5 COM(2024) 77 final

6 COM(2023) 901 final.

chun feidhme agus ar Threoir 2011/85/AE maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[7]. Is iad cuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach trí chomhdhlúthú fioscach de réir a chéile mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean fioscach struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sa phlean fioscach struchtúrach meántéarmacha náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóirithiúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart go gcomhlíonann an chonair glanchaiteachais[8] sna pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, lena n-áirítear na ceanglais an t-ollfhiachas rialtais a chur nó a choinneáil ar threo atá ag laghdú go hinchreidte faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó go bhfanfadh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % OTI, agus an t-easnamh rialtais a thabhairt agus/ nó a choinneáil faoi bhun an luach tagartha de 3 % OTI sa mheántéarma. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht a bparlaimintí náisiúnta a áirithiú, agus go ndéantar comhairliúchán le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí

[7] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[8] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE)2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn glanchaiteachas caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Bhulgáir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Bulgáire[9], a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú[10]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an mBulgáir. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Bhulgáir a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Bulgáire maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 ar an mBulgáir[11] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[12], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Bulgáire ó 2,9 % de OTI in 2022 go 1,9 % in 2023, agus d'ardaigh

---

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Bulgáire (8091/22).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Bulgáire (15837/2023).

11 SWD(2024) 602

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.

fiachas ginearálta an rialtais ó 22,6 % de OTI ag deireadh 2022 go 23,1 % ag deireadh 2023.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[13] go ndéanfadh an Bhulgáir gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[14], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Moladh don Bhulgáir an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don mBulgáir freisin infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[15] neodrach den chuid is mó ag 0,0 % de OTI. In 2023, chuir an príomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) rannchuidiú neodrach den chuid is mó, de 0,2 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costais laghdaithe na mbeart tacaíochta éigeandála (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus do ghnólachtaí mar fhreagra ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh (1,3 % de OTI). Cumhdaítear leis sin costais níos airde chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.3 % de OTI). Is iad na príomhchúiseanna leis an bhfás i gcaiteachas príomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) reachtaíocht a ritheadh maidir le méaduithe ar phinsin agus ar phá le déanaí. Mar achoimre, bhí fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. In 2023, 1.2 % de OTI a bhí sa chaiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,7 % de OTI in 2023, is é sin méadú bliantúil 0,8 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Bhulgáir infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an Bhulgáir infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe glasa agus an aistrithe digiteacha, agus le haghaidh slándáil fuinnimh, amhail infheistíochtaí i saoráidí agus samhlacha nua gnó le haghaidh úsáid a bhaint as dramhaíl mar acmhainn chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach, chomh maith le hinfheistíochtaí chun an éifeachtúlacht fuinnimh a ardú agus chun tacú le cosaint éifeachtach ghnáthóga nádúrtha agus speiceas faoi chosaint, a

---

13 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Bulgáire um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire 2022,IO C 334, 1.9.2022, lch. 11.

14 Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 10,1 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Bhulgáir in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

15 Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an t-athrú bliantúil ar riocht foluiteach buiséadach an rialtais ghinearálta. Tá sé d'aidhm aige an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartas fioscach a mheasúnú, iad siúd atá maoinithe go náisiúnta agus iad siúd atá maoinithe trí bhuiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomha glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim (gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais san áireamh.

chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(12) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-mheastacháin i gClár um Chóineasú 2024 mar seo a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 3,2 % in 2024 agus 2,7 % in 2025, agus tuartar gurb éard a bheidh i mboilsciú ICPT 2,4 % in 2024 agus 2,8 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3 % de OTI in 2024 agus 2025, agus tá an cóimheas idir fiacha an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 25 % faoi dheireadh 2024 agus go 27,3 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,8 % de OTI in 2026, agus go dtiocfaidh méadú air arís go 3,0 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe nach sáróidh an comhardú rialtais ghinearálta 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI thar thréimhse an chláir. Dá réir sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir na fiacha rialtais ghinearálta agus OTI go 30 % de OTI in 2026 agus 30,7 % in 2027.

(13) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún go bhfásfaidh fíor-OTI le 1,9 % in 2024 agus le 2,9 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú ICPT ar 3,1 % in 2024 agus ar 2,6 % in 2025.

(14) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún gur 2,8 % de OTI a bheidh in easnamh an rialtais in 2024, agus táthar ag súil leis go méadóidh cóimheas fhiachas ginearálta an rialtais-OTI go dtí 24,8 % faoi dheireadh 2024. Is léiriú é an méadú an easnaimh in 2024 go príomha ar chaiteachas ar phinsin agus ar thuarastail. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach, faoi 0,3 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,4 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiacha na Bulgáire.

(16) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle[16] don Bhulgáir beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[17] in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 4,6 %. Agus a gcuid buiséad do 2023 á gcur i bhfeidhm agus a gcuid Dréachtphleanna Buiséadacha do 2024 á n-ullmhú, tugadh cuireadh do na Ballstáit é a chur san áireamh go gcuirfeadh an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle go n-osclófar nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnamh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir réamhaisnéis an fhómhair 2023 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 6,2 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Bulgáire a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, atá os cionn an uasráta fáis a moltar. 0,6 % de OTI

[16] Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Bulgáire um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hÉireann 2023 IO C 312, 1.9.2023, lch. 13.

[17] Sainmhínítear glanchaiteachas príomhúil mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta atá glan (i) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) ar chaiteachas úis, (iii) ar chaiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

in 2024 is é an caiteachas iomarcach sin thar an ráta fáis uasta a mholtar i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta. Mar sin féin, tá na meastacháin reatha ar ghlanchaiteachas in 2023 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an mholta (faoi 3,3 % de OTI). Dá bhrí sin, ó rud é gur ceapadh an moladh le haghaidh 2024 mar ráta fáis, cuirtear an bhunéifeacht ó 2023 san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh freisin. Dá mbeadh an glanchaiteachas in 2023 mar an gcéanna leis an méid a measadh tráth an mholta, bheadh ráta fáis an ghlanchaiteachais in 2024 faoin uasráta fáis a mholtar, faoi 2,7 % de OTI. San iomlán, déantar measúnú ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta mar chaiteachas go bhfuil an baol ann nach mbeidh sé go hiomlán i gcomhréir leis an moladh.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Bhulgáir gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Bhulgáir a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0,0 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach[18] na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,0 % a bheidh ann in 2024 agus in 2025. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe ab fhéidir in 2023 agus in 2024. Tá an méid sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Bhulgáir infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi go 2,1 % de OTI in 2024 (ó 2,7 % de OTI in 2023). Is é is cúis leis an laghdú sin i bpáirt deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023, ach sáraíonn sé an laghdú is féidir a mhíniú le sciar an chómhaoiniú náisiúnta. Mar sin, tá an baol ann nach mbeidh infheistíocht phoiblí arna maoiniú ar bhonn náisiúnta i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh laghdú de 0,8 % de OTI in 2024 air ó 1,2 % de OTI in 2023. Is é is cúis leis an laghdú sin deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023.

(19) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 2,9 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú go 24,6 % ar an gcóimheas idir an t-ollfhiachas rialtais agus OTI faoi dheireadh 2025.

[18] Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

(20) Tá deis ann cur le héifeachtúlacht na bainistíochta infheistíochta poiblí trí dhlús a chur le príomhbhearta a chur chun feidhme. Tá easnaimh fós ag an mBulgáir i réimsí tábhachtacha amhail an t-ailíniú idir cinntí infheistíochta agus spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha, agus caiteachas caipitil a fhorghníomhadh go tráthúil. Nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le roghnú agus meastóireacht tionscadail, bunaithe ar chritéir luach-ar-airgead oibiachtúla, níl siad ann go fóill.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a luaithe a ghlacfar í, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Bulgáire leis an aistriú glas agus an leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Bhulgáir dlús suntasach a chur le hathchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme trí fheabhas a chur ar fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus ar bhainistiú infheistíochta phoiblí. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí maidir le próiséis riaracháin a dhigitiú agus chun caighdeán nósanna imeachta um soláthar poiblí a fheabhsú. Earcú oiliúint fhoirne agus pearsanra oilte a choimeád, tá siad ríthábhachtach chun riarachán cumasach a thógáil ar an leibhéal lárnach agus áitiúil araon. Is fadhb mhór do chuideachtaí fós í an rialachán gnó, agus sainaithníonn leath de na cuideachtaí gur phríomhbhacainn é maidir le hinfheistíochtaí fadtéarmacha a dhéanamh. Níl muinín ag timpeall 53 % d'infheistitheoirí go bhfuil a gcuid infheistíochtaí á gcosaint ag an dlí agus ag na cúirteanna. Chuirfeadh na gnéithe sin ar fad feabhas ar an timpeallacht ghnó sa Bhulgáir. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa i bplean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Bulgáire i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, tá sé de cheanglas ar an mBulgáir gach clár a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, chomh maith lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an mBulgáir maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Tá laghdú daonra agus éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha sa Bhulgáir, go háirithe agus na trí réigiún thuaidh fós ag titim ar gcúl. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe agus acmhainneacht riaracháin a neartú ar gach leibhéal. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir ábhartha i gcónaí. Cumas gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla chun cur chuige comhtháite i leith infheistíochtaí a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, tá sé fós tábhachtach. Tá sé thar a bheith tábhachtach líonraí tacaíochta réigiúnacha agus áitiúla a chur chun cinn maidir le taighde, nuálaíocht agus fiontraíocht trí bhearta spriocdhírithe maidir le

haistriú teicneolaíochta agus tráchtálú. Infheistíochtaí in iompar inbhuanaithe, lena n-áirítear forbairt bhonneagar iarnróid agus bóthair chomh maith le hionmhodúlacht, is tosaíochtaí fós iad. Is fiú aird sonrach a thabhairt ar chur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir, ó thaobh rialachas éifeachtach, comhordú agus acmhainneacht na ngníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Is gá freisin leanúint de hintheistíochtaí glas, go háirithe chun feabhas a chur ar bhainistiú uisce, sholáthar uisce óil agus chóireáil fuíolluisce, agus chun bainistiú éifeachtúil dramhaíola agus acmhainní a áirithiú. Tá ganntanas lucht saothair fós ann, agus bíonn tionchar acu go háirithe ar ghairmeacha ar leith a bhaineann le seirbhísí sóisialta amhail altraí. Cé go bhfuil an dífhostaíocht íseal i gcoitinne, tá sí i bhfad níos airde i measc grúpaí leochaileacha (daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus na Romaigh) agus i roinnt réigiúin, rud a thugann le tuiscint go bhfuil an deis ann an lucht saothair a mhéadú. Bearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair, go háirithe maidir le grúpaí níos céine ón margadh saothair, agus infheistíocht i sealbhú scileanna, go háirithe maidir leis na haistrithe glas agus digiteach, is tosaíochtaí fós iad. Córas oideachas ardchaighdeán cuimsitheach, lena n-áirítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme, tá sé fós ábhartha. D'ainneoin laghdú diaidh ar ndiaidh, tá ceann de na sciar is airde riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ag muintir na Bulgáire, lena n-áirítear breis agus páiste as gach triúr agus breis agus seanóir (+65) as gach triúr. Tá an sciar i bhfad níos airde i measc daoine faoi mhíchumas agus na Romach. Ina theannta sin, tá neamhionannais ioncaim suntasacha ann. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara chéime de chuid sheirbhísí an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta[19]. D'fhéadfadh an Bhulgáir tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a úsáid, lena n-áirítear infheistíochtaí a mhéadú sna réimsí seo a leanas: an digitiú, teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní agus an claochlú tionsclaíoch glas. D'fhéadfadh an tionscnamh sin an Bhulgáir a chumasú chun a gealltanais i leith na teicneolaíochta glaine, an gheilleagair chiorclaigh agus ísealcharbóin a chur chun feidhme lena straitéis um speisialtóireacht chliste agus chun cur chuige comhtháite a áirithiú chun inbhuanaitheacht tionsclaíoch a chur chun cinn.

(23) Tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an mBulgáir a bhaineann le dícharbónú an gheilleagair agus an tháirgiúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe chomh maith le caighdeán oideachais agus scileanna. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt orthu sin lasmuigh de raon feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus cláir an bheartais chomhtháthaithe.

(24) Is saincheist mhór go fóill sa Bhulgáir í rochtain ar fhuinneamh atá glan agus atá inacmhainne. Cé go bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag an tír, tá tuilleadh dúshláin structúrthacha fós ann. Go háirithe, toisc gur iarchuireadh léirscaoileadh an mhargadh leictreachais - ceann de na hathchóirithe dícharbónú riachtanach faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta - tá bac leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus inacmhainne. Ina theannta sin, is minic a bhíonn drochbhail theicniúil ar chórais téamh ceantair na Bulgáire, agus tá an chuid is mó dóibh bunaithe go príomha ar an ngás nádúrtha nó an ghuail. In 2023, tháinig méadú suntasach ar cur in úsáid fótavoltachas gréine agus níos mó ná 1,2 GW in acmhainneacht nua-suiteáilte, rud a fhág gurb beagnach 3 GW a bhí san iomlán. Tá an toilleadh suiteáilte le haghaidh na gaoithe marbhánta le deich mbliana anuas, áfach, agus 700 MW suiteálacha ar talamh ann. É

[19] SWD(2024)132 final.

sin d'ainneoin cumas chumhacht na gaoithe borradh a chur faoi acmhainneacht chothromú an chóras leictreachas le linn tréimhsí seachbhuaice. Meastar go bhfuil acmhainneacht theicniúil neamhshaothraithe fuinneamh gaoithe amach ón gcósta 26 GW[20]. An tráth céanna, is léir go bhfuil ganntanas stóráil fuinnimh leordhóthaineach, go háirithe le linn uaireanta grianmhara, rud atá ina riosca le cur in úsáid leanúnach foinsí in-athnuaite fuinnimh ar scála na heangaí sa Bhulgáir. D'ainneoin idirnasc láidir leictreachais lena comharsana, lena n-áirítear líne nua 400 kV leis an nGréig (PCI Maritsa East-Nea Santa), tá scrogaill i leith na n-eangach tarchurtha agus dáileacháin leictreachais fós ann. Tuilleadh gnímh chun bainistiú na n-eangach a fheabhsú trí gnéithe eangaí cliste a thabhairt isteach, lena n-áirítear méadar cliste a leathadh amach agus bearta freagartha ó thaobh an éileamh de, d'fhéadfadh siad feabhas a chur ar an gcás. Cé go bhfuil feabhais bheaga tagtha ar tháscairí bochtaineachta fuinnimh sa Bhulgáir, tá dúshláin shuntasacha fós ann. Ba é 22,5 % sciar an daonra nach bhfuil in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor in 2022, an ráta ab airde san Aontais, i bhfad os cionn meán an Aontais de 9,3 %. Cé gur ghlac an Bhulgáir sainmhíniú oifigiúil ar bhochtaineacht fuinnimh, tá scéimeanna tacaíochta praiticiúla fós le forbairt, agus tá an liúntas dírithe téimh teoranta ó thaobh fad agus cumhdach de.

(25) Is cúis mhór imní í don Bhulgáir na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar, go háirithe ón iompar de bhóthar, áit a mhéadaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa le 29 % in 2022 (i gcomparáid le leibhéil 2005). Leanann úsáid na ngluaisteán paisinéirí a bheith ard, an tráth céanna tá sciar na bhfeithicil ceallra-leictreacha fós an-íseal. Ina theannta sin, tá bonneagar athluchtúcháin fós neamh-leordhóthanach, agus gan ach pointe athluchtaithe amháin le haghaidh gach trí fheithicil leictreacha, rud a chuireann bac le glacadh na soghluaisteachta leictrí. Thairis sin, tá bonneagar iarnróid na Bulgáire taobh thiar de mheán an Aontais, agus tá éagothromaíochtaí sonracha idir na réigiúin ó thuaidh agus na réigiúin ó dheas. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar infheistíochtaí i ngréasán iarnróid na tíre a neartú agus go gcuirtear leis an líon tionscnamh iompair inbhuanaithe uirbeach, lena n-áireofar nascacht iompair idir réigiúin ó thuaidh agus ó theas, idir na lárionaid uirbeacha mhóra agus áiteanna forimeallacha, chomh maith le naisc leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích.

(26) D'ainneoin roinnt leasuithe ar an gcreat rialála mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá drochthorthaí oideachais sa Bhulgáir agus tháinig meath breise orthu. Thaifead an tír torthaí níos ísle sna heagráin is déanaí de mheasúnuithe idirnáisiúnta i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tá sciar na scoláirí nach mbaineann amach dóthain inniúlachta sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht – mar a léirítear i gClár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí – ar cheann de na cinn is scanrúla san Aontas. Níl íosleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic ag 53,5 % de scoláirí 15 bliana d'aois, ag 52,9 % díobh sa léitheoireacht agus ag 48 % díobh sna eolaíochtaí, agus baineann rátaí an-ard le scoláirí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste. Léirítear sna scrúduithe náisiúnta caighdeánaithe go bhfuil neamh-chomhionannas maidir le torthaí agus go bhfuil leithscaradh sóisialta láidir i gcóras oideachais na Bulgáire. Tá timpeall 50 % de mhúinteoirí scoile 50 bliain d'aois ar a laghad agus tá ganntanas múinteoirí ag tosú. D'ainneoin roinnt feabhsuithe, tá dúshláin fós ann chun oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a fheabhsú chun feabhsuithe i gcaighdeán agus cothromais an oideachais a éascú. Tháinig feabhas ar an ráta

[20] an Banc Domhanda, Acmhainneacht Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta sa Mhuir Dhubh, Washington, D.C., Márta 2020.

luathfhágálaithe ó oideachas agus oiliúint le blianta beaga anuas ach fanann sé an-ard i measc na Romach agus i limistéir tuaithe. Thairis sin, bhí scileanna neamhleor nó neamhdhóthaineacha mar thoradh ar an rannpháirtíocht íseal a bhí ag daoine fásta san fhoghlaim (9,5 % i gcomparáid le meán an Aontas arb é 39,5 %), rud a chruthaigh scrogaill i leith infhostaitheachta agus iomaíochas trí chéile. Leis an gcreat rialála gairmoideachais agus gairmoiliúna, tugtar isteach inniúlachtaí riachtanacha i leith cosaint an chomhshaoil, mar chuid den oiliúint ghairmiúil phroifisiúnta ghinearálta le haghaidh na gairmeacha ar fad. Anuas air sin, áirítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir le haghaidh réigiúin ghuail roinnt bearta a chumhdaíonn athsciliú an lucht saothair agus cruthú fostaíochta i réigiúin mar sin sa Bhulgáir. Fanann leibhéil na scileanna digiteacha i bhfad níos ísle ná meán an Aontais (35,5 % in aghaidh 55,5 % in 2023) agus tá tionchar aige sin ar infhostaitheacht. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá tionscadal uaillmhianach a chistítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arb é is aidhm dó feabhas a chur ar uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair, agus fócas ar scileanna digiteacha, ach cuireadh moill ar chur chun feidhme an tionscadail sin.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bhulgáir in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean fioscach-struchtúrach meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le ceanglais an Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas[21] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus an t-ollfhiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama go meántéarmach.

2. Dlús mór a chur leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, áirithiú go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026, trí fheabhas a chur ar fheidhmiúlacht an riarachán poiblí agus borradh a chur faoina acmhainneacht, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, caighdeán na nósanna imeachta um sholáthar poiblí a ardú agus neamhspleáchas agus feidhmíocht rialtóirí a neartú. Bailchríoch a chur ar an gcaibidil REPowerEU go tapa. I gcomhthéacs athbhreithnithe meántéarma ar chláir beartais chomhtháthaithe, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Feabhas a chur ar oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear le haghaidh grúpaí faoi mhíbhuntáiste, trí oiliúint múinteoirí a fheabhsú agus trí teagasc agus foghlaim atá bunaithe ar inniúlacht a chur chun feidhme. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe agus feabhas a chur le scileanna na n-oibrithe chun borradh a chuir faoin iomaíochas agus chun tacú leis an aistriú glas.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan, go háirithe trí aistriú i dtreo fuinneamh in-athnuaite le haghaidh téamh ceantair agus suiteálacha gaoithe a úsáid. Acmhainneachtaí stórála leodhóthaineacha a

[21] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn ‘glanchaiteachas’ caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

áirithiú chun solúbthacht an chórais fuinneamh a mhéadú. Bonneagar eangaí leictreachais a neartú trí eilimintí eangaí cliste a thabhairt isteach agus tríd an t-idirnasc le tíortha comharsanachta a mhéadú. Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí beartais dírithe a chur chun feidhme chun sciar an daonra nach bhfuil in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor a laghdú. Cur in úsáid agus glacadh iompar inbhuanaithe uirbeach agus iarnróid a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhlús a chur le forbairt an bhonneagair is gá.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán